Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht socraíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír

(COM(2022) 120 final – 2022/0074 (COD))

(2022/C 443/12)

Rapóirtéir: **Kęstutis KUPŠYS**

Comhrapóirtéir: **Christophe LEFÈVRE**

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 12.4.2022
	Parlaimint na hEorpa, 4.4.2022
Bunús dlí	Airteagal 114 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	1.7.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.7.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	571
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	185/0/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Ar an mórgóir, measann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur leordhóthanach agus gurb éifeachtach na réitigh a mhol an Coimisiún Eorpach ar na cúig phríomh-shaincheist a sainaithníodh le linn phróiseas athbhreithnithe an Rialacháin maidir le taisclanna lárnacha urrús (CSDR). A bhuí le nósanna imeachta socraíochta níos éifeachtúla san Aontas Eorpach, beidh na margaí caipitil níos tarraingtí d'eisitheoirí agus d'infheisteoirí araon, agus tabharfar céim amháin chun cinn sinn agus iarracht á déanamh againn Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach.

1.2. Is díol sásaimh do CESE na tionscnaimh chomhréireacha ón gCoimisiún chun fógra a chur in ionad na gceanglas atá ann cheana maidir leis an nós imeachta pas, chomh maith le togra le haghaidh comhar maoirseachta níos fearr trí choláistí maoirseoirí a chur ar bun a bheidh iomchuí agus nach mbainfidh aon dúbailt oibre leo.

1.3. Maidir le soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta, feictear do CESE go bhfuil deiseanna breise ann ach leas a bhaint as réitigh atá bunaithe ar shocraíocht in airgead bainc ceannais. Má táthar chun raon rioscaí éagsúla a laghdú a thuilleadh, ba cheart breis úsáide a bhaint as an ardán Urrúis-Target2 (T2S) le haghaidh socraíocht ilairgeadra urrús in airgead bainc ceannais.

1.4. Measann CESE gur tairbheach an ní an togra reatha ón gCoimisiún a fhorlíonadh leis na forálacha maidir le ról lárnach T2S a aithint don bhonneagar Eorpach um shocraíocht urrús, agus go bhfágfaidh sé, ag an am céanna, gur féidir an tsaincheist maidir le tearcfhorbairt seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta ag na Taisclanna Lárnacha Urrús (TLUnna) a réiteach freisin, más réiteach i bpáirt féin é.

1.5. Tugann CESE dá aire go bhfuil an chuid is conspóidí den togra – an cur chuige "dhá chéim" faoina bhféadfaí na ceannaigh isteach shainordaitheacha a chur chun feidhme – fós ina rogha dhea-chothromaithe. Níor cheart ceannaigh isteach shainordaitheacha a chur san áireamh go dtí go ndéanfar mionscrúdú ar na bunchúiseanna atá le teipeanna socraíochta agus go dtí gur léir an mbainfear torthaí sásúla amach le bearta eile atá dírithe ar theipeanna socraíochta a laghdú.

1.6. Is maith is eol do CESE go bhfuil an Córas Píolótach le haghaidh Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte (DLT) ina chuid thábhachtach de chomhthéacs reachtach an athbhreithnithe ar CSDR, agus tá rabhadh á thabhairt uaidh aige san am céanna nár cheart, le cruthú "bosca gainimh rialála", go leagfaí síos fasach i dtaca leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le hiompar margaidh agus cosaint infheisteoirí a ísliú. Ba cheart ról lárnach a bheith ag na TLUnna maidir le líonraí DLT a bhainistiú, arna sainiú ar bhealach a laghdaíonn an riosca contrapháirtí. Ina theannta sin, tá CESE ar son rialáil mhaoirseachta níos fairsinge a dhéanamh chun gur féidir smachtbhannaí a fhorfheidhmiú agus tá sé á mholadh gur cheart go gcuirfeadh CSDR de cheangal ar na TLUnna, ar a n-eisitheoirí, agus ar a rannpháirtithe buansásra inmharthana a chur ar bun chun sonraí a mhalartú agus a roinnt le chéile a bhaineann le smachtbhannaí Eorpacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm.

2. **Cúlra**

2.1. Is éard is TLUnna ann eintitis a shealbhaíonn agus a riarann urrúis agus lenar féidir idirbhearta urrús a phróiseáil trí chuntas reatha ([1]). Is iad na TLUnna a oibríonn an bonneagar lena n-áirithítear gur féidir idirbhearta urrús a chur i gcrích. De ghnáth, is "socraíocht" a thugtar ar phríomhsheirbhís na TLUnna. San Aontas Eorpach, socraíonn na TLUnna ([2]) atá ann cheana idirbhearta ar fiú breis mhór agus EUR 1 000 trilliún iad in aghaidh na bliana (suim is mó ná a sheachtó oiread d'olltáirgeacht intíre an Aontais ([3]) nó a sheacht n-oiread déag níos mó ná luach neamhíoctha na n-urrús go léir atá á sealbhú ar chuntais TLUnna ([4])). Cuireann TLUnna croísheirbhísí eile ar fáil freisin, amhail (i) seirbhís nótaire, i.e. súil a choinneáil ar urrúis nua-eisithe, agus (ii) seirbhís cothabhála lárnach, i.e. gach athrú ar shealbhú na n-urrús sin a thaifeadadh. Maidir le TLUnna atá ag feidhmiú laistigh de theorainneacha náisiúnta, bhí nósanna imeachta seanbhunaithe éifeachtúla ann leis na blianta, ach de réir mar a rinneadh na margaí a idirnascadh murab ionann is riamh agus de réir mar a tháinig méadú ar idirbhearta trasteorann san Eoraip, ba léire ná riamh an gá a bhí le socraíochtaí trasteorann agus seirbhísí eile a chomhchuibhiú.

2.2. Maidir le Rialachán 2014, a tugadh isteach tar éis ghéarchéim airgeadais 2008, tháinig sé i bhfeidhm an 17 Meán Fómhair 2014, agus cuireadh chun feidhme de réir a chéile é ([5]). D'fhág sin feabhas nach beag ar an timpeallacht iarthrádála, lena n-áirítear trí thréimhse socraíochta chaighdeánaithe a leagan síos, trí fheabhas a chur ar an araíonacht socraíochta trasteorann, trí rialacha comhsheasmhacha a thabhairt isteach do TLUnna san Aontas Eorpach (e.g. ceadúnú, údarú, maoirseacht), agus trína áirithiú go mbíonn saoirse ag eisitheoir urrús a rogha TLU féin a thoghadh.

2.3. Ar cheann de na nithe is mó a ndearnadh dul chun cinn air sa Rialachán is ea an araíonacht socraíochta, mar atá tugadh isteach bearta chun teipeanna socraíochta a chosc agus chun dul i ngleic le teipeanna den sórt sin, más ann dóibh. Os a choinne sin, mar a léiríodh sa mheasúnú breise a rinneadh, níor leor na bearta sin, toisc gur measa i bhfad i gcónaí na táscairí AE um theipeanna socraíochta ná táscairí lárionad airgeadais eile, fiú amháin nuair a chuirtear san áireamh a ilroinnte atá margaí caipitil an Aontais Eorpaigh i gcomórtas le margaí an-aonchineálach in áiteanna eile ([6]).

2.4. Cumhdaíodh sa Rialachán freisin feabhsú nach beag eile a bhfuil sé mar aidhm leis sreafaí caipitil trasteorann a éascú – an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile (nó "an nós imeachta pas", rud atá cosúil leis an gcreat uile-AE maidir le baincéireacht atá ag feidhmiú go maith) – rud ba spreagadh do TLUnna a ngníomhaíochtaí a leathnú amach thar theorainneacha náisiúnta. Sainmhíníodh sa Rialachán freisin soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta ag TLUnna (seirbhísí a thacaíonn le socraíocht urrús), agus na ceanglais shonracha stuamachta maidir leis na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na seirbhísí sin á gcomhlíonadh go docht acu. Ar a shon sin, níor tháinig den chreat dlíthiúil go ndearnadh córas seirbhísí socraíochta an Aontais Eorpaigh a chomhtháthú an oiread a bhí ag teastáil agus bhí drogall ar TLUnna seirbhísí coimhdeacha a ghlacadh de chúram orthu féin nó dul ar iontaoibh nós imeachta costasach pas.

2.5. I mí an Mhárta 2022, thug an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir le hAirteagal 75 den Rialachán lena sainordaítear athbhreithniú a dhéanamh, togra isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán 2014 (dá ngairfear anseo feasta "an tAthbhreithniú ar CSDR" nó "an tAthbhreithniú" *tout court*). Tugtar aghaidh ann ar na cúig phríomh-shaincheist seo a leanas:

(i) na ceanglais throma a bhaineann leis an nós imeachta pas,

---

([1]) Is féidir urrúis a shealbhú i bhfoirm fhisiciúil nó i bhfoirm cuntais reatha.

([2]) Tá 26 TLU ann móide dhá TLU idirnáisiúnta. Foinse: Clár ÚEUM.

([3]) Bunaithe ar shonraí ó Eurostat maidir le OTI in 2021, i.e. EUR 14,4 trilliún.

([4]) Ag deireadh 2020, bhí urrúis dar luach os cionn EUR 56 thrilliún ar seilbh i gCórais Socraíochta Urrús an Aontais Eorpaigh. Sonraí arna nginiúint tríd an mBunachar Sonraí maidir le Staitisticí Trádála, Imréitithe agus Socraíochta Urrús, an Banc Ceannais Eorpach. Ceadaíodh é an 4 Bealtaine 2022.

([5]) IO C 299, 4.10.2012, lch.76.

([6]) Thit líon na dteipeanna socraíochta i leith cothromas, arna ríomh mar chéatadán de líon iomlán na n-idirbheart, go 3 % roimh shuaitheadh an mhargaidh a tharla de thoradh COVID-19, ach ó shin i leith mhéadaigh siad arís go 4.5 %. Mar chéatadán den luach, mhéadaigh an cóimheas ó 6 %, mar a bhí roimh Mhárta 2020, go 9 % in Eanáir 2021 Foinse: Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair. Mar sin féin, léiríonn an taithí a fuarthas ar an margadh go dtarlaíonn formhór na "dteipeanna" toisc go sroicheann an treoir socraíochta an córas socraíochta trí bhíthin shlabhra na n-idirghabhálaithe tar éis an lae arna ainmniú ag na páirtithe deiridh mar "lá na socraíochta beartaithe".

(ii) comhar lag maoirseachta,

(iii) ceanglais dhíréireacha maidir le soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta,

(iv) easnaimh as a dtagann socraíochtaí teipthe,

(v) faisnéis nach leor maidir le gníomhaíochtaí a chuireann TLUnna tríú tír ar fáil san Aontas Eorpach.

2.6. An 22 Meitheamh 2015, in aon tráth, geall leis, le teacht i bhfeidhm CSDR, cé gur beag beann ar a chéile a tharla, seoladh T2S mar an chéad ardán le haghaidh socraíocht ilairgeadra urrús in airgead bainc ceannais ([7]). I gcás chliaint na TLUnna (ar bainc iad go hiondúil) atá nasctha leis an ardán T2S, fágann sin go mbíonn ina gcumas rogha a dhéanamh idir socraíocht Euro in airgead bainc tráchtála agus/nó in airgead bainc ceannais. Trí urrúis a shocrú in airgead bainc ceannais trí bhíthin an ardáin T2S, is féidir le TLUnna rochtain a thabhairt dá gcliaint ar chomhthiomsú leachtachta aonair Sheirbhísí TARGET an Eurochórais maidir le comhthaobhacht, íocaíochtaí agus socraíocht urrús. Ar an ábhar sin, laghdaíodh go mór an leachtacht is gá chun idirbhearta ar fud na hEorpa a shocrú. Mar sin féin, ní raibh aon iarmhairt aige sin ar na costais ar chúiseanna éagsúla, go príomha toisc go bhfuil an margadh fós ilroinnte de réir línte airgeadra: in 2019, chuaigh táillí T2S ó 15 cent in aghaidh an idirbhirt "seachadadh in áit íocaíochta" go 23,5 cent ([8]). Tá T2S fós lasmuigh de raon feidhme an togra ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú ar CSDR a eisíodh i mí an Mhárta 2022.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Mar atá luaite sa tuairim ó CESE *Aontas na Margaí Caipitil: Aontas do dhaoine agus do ghnólachtaí – Plean gníomhaíochta nua* ([9]), is díol sásaimh do CESE na tionscnaimh ón gCoimisiún chun fís uaillmhianach Aontas na Margaí Caipitil a chur i ngníomh, arb é is aidhm di ligean do chaipiteal gluaiseacht ar fud an Aontais ar mhaithe le tomhaltóirí, infheisteoirí agus cuideachtaí. I measc na 16 bheart a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, ceann de na bearta is tábhachtaí ná feabhas a chur ar sheirbhísí socraíochta trasteorann (Gníomhaíocht 13), toisc gur léir cé na heasnaimh atá ar an leagan reatha den rialachán agus go gcreidtear go dtiomáinfidh gníomhaíocht reachtach ghasta Aontas na Margaí Caipitil chun cinn.

3.2. Maidir leis na cúig phríomh-shaincheist atá sainaitheanta ag an gCoimisiún, as ar eascair an tAthbhreithniú féin, measann CESE gur leor agus gurb éifeachtach an bealach chun cinn atá leagtha amach.

3.3. Céim mhór i dtreo córas socraíochta a bheidh níos comhchuí agus níos idirnasctha is ea an togra chun fógra a chur in ionad **na gceanglas atá ann cheana maidir leis an nós imeachta pas**, a mheastar a bheith doiléir nó trom (rud a chiallaíonn nach féidir leis na Ballstáit diúltú d'iarratas ó TLU), ar córas é a fhágfaidh costais laghdaithe ar na TLUnna sin atá toilteanach seirbhísí trasteorann a chur ar fáil dá réir. Ní fios fós, áfach, cén chaoi a gcuideoidh na bearta tacaíochta sin leis na costais atá ar eisitheoirí agus infheisteoirí a laghdú. Ba cheart a áirithiú, thar ní ar bith eile, go gcoinneoidh na húdaráis mhaoirseachta i dtíortha óstacha cúram na maoirseachta ar an margadh acu féin.

3.4. Mar thoradh ar an ngá a bhí le costais a laghdú agus **comhar maoirseachta** a fheabhsú ag an am céanna, d'eisigh an Coimisiún togra dírithe ar choláistí maoirseoirí a bhunú agus tacaíonn CESE go mór leis sin mar bheart iomchuí dea-chothromaithe. Is díol sásaimh do CESE nár tugadh isteach ach coláiste amháin do na TLUnna seachas dhá choláiste ar leith, rud a áiritheoidh nach mbeidh TLUnna faoi réir "coláiste an nós imeachta pas" agus "coláiste ar leibhéal grúpa" san am céanna. Ba cheart go spárálfaí costais dá bharr sin agus gur chuidiú é le sineirgíochtaí maoirseachta nach beag a bhaint amach.

3.5. Ceann de na príomhfheabhsuithe a cuireadh ar chreat soláthair na **seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta**, baineann sé leis an leasú ar Airteagal 54(4) den Rialachán, a dtacaíonn an Coiste go láidir leis, ar an ábhar go gceadaíonn sé do TLUnna soláthar na seirbhísí thuasluaite a lorg, ní hamháin ó institiúidí creidmheasa ainmnithe, ach ó TLUnna eile freisin.

([7]) An córas Urrúis-Target2. Faoi láthair tá 19 TLU ó 20 tír Eorpach nasctha le T2S. Is féidir krone na Danmhairge a shocrú ar T2S, rud atá amhlaidh ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith.

([8]) Praghsáil an chórais Urrúis-Target2

([9]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 20.

3.5.1. Aithníonn CESE, áfach, go bhféadfadh an t-athrú sin cur lena bhfuil de rioscaí ann don chobhsaíocht airgeadais. Cé gur fiúntach le CESE an cuspóir faoina gcuirfear feabhas ar sholáthar seirbhísí trasteorann mar thoradh ar bhacainní níos ísle maidir le soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta, agus go bhfuil an dóchas céanna aige ina leith, feictear dó go bhfuil deiseanna ann ach leas a bhaint as réitigh atá bunaithe ar shocraíocht in airgead bainc ceannais, rud atá níos sábháilte ann féin. Is fíor nár mhór aghaidh a thabhairt air sin, den chuid ba mhó, lasmuigh de raon feidhme CSDR, e.g. trí T2S a leathnú, airgeadraí digiteacha an bhainc ceannais mórdhíola a fhorbairt, bacainní dlí a bhaint, etc.

3.5.2. Ní léir, áfach, an bealach iomchuí é an bealach atá roghnaithe ag an gCoimisiún chun sainordú a thabhairt don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sainiú a dhéanamh ar thairseach faoinar féidir leis na hinstitiúidí creidmheasa na seirbhísí coimhdeacha sin de chineál baincéireachta a sholáthar. Ar an taobh dearfach den scéal, is fearr a d'fhéadfadh an tÚdarás seo calabrú tairsí a dhéanamh agus is mó an scóip a bheidh ag an gCoimisiún, más gá sin. Ina dhiaidh sin is uile, tá aird tarraingthe ag CESE ó am go chéile ([10]) ar shaincheist na gcomhreachtóirí a gceiltear orthu an chumhacht chun cinneadh a dhéanamh ar ábhair shuntasacha sa ghníomh reachtach a pléadh. Tá CESE ag iarraidh, dá bhrí sin, go ndéileálfaí le cúrsaí eacnamaíocha tábhachtacha faoin ngnáthnós imeachta reachtach ([11]).

3.6. Ní beag an fháilte atá roimh na céimeanna chun feabhas a chur ar an **araíonacht socraíochta**. Tacaíonn CESE freisin leis gur áiríodh soiléirithe agus eisceachtaí i roinnt cásanna san Athbhreithniú, a bhaineann le saincheist na haraíonachta socraíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcinneadh ón gCoimisiún gan ceannaigh isteach shainordaitheacha a thabhairt isteach láithreach bonn, d'fhéadfadh na ceannaigh isteach sin a bheith infheidhme, más gá, i gcás nach bhfeabhsóidh an córas pionós uaidh féin na teipeanna socraíochta san Aontas Eorpach. Is cosúil go maolaíonn tabhairt isteach sásraí cur ar aghaidh, a chuirfeadh cosc ar chascáid ceannach isteach sainordaitheach, laigí bunúsacha (nó an eagla go gcuirfí an córas i bhfeidhm go fo-optamach) atá i gcóras na gceannach isteach sainordaitheach atá beartaithe. Measann CESE gur cur chuige stuama é an cur chuige "dhá chéim" maidir le ceannaigh isteach shainordaitheacha agus creideann sé go mbeidh margaí caipitil na hEorpa níos tarraingtí d'eisitheoirí agus d'infheisteoirí araon san fhadtéarma dá réir.

3.7. Tá tábhacht thar cuimse le **TLUnna tríú tír** nuair a chuimhnítear ar thóraíocht an Aontais Eorpaigh ar neamhspleáchas straitéiseach oscailte. Is díol sásaimh do CESE an ceanglas a tugadh isteach in Airteagal 25 leasaithe de CSDR, ina luaitear gur cheart do na TLUnna sin a bhfuil sé i gceist acu seirbhísí socraíochta a sholáthar faoi dhlí Ballstáit fógra a thabhairt don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM). Tacaíonn CESE freisin leis na bearta a tugadh isteach leis an Athbhreithniú lena rialaítear gnéithe eile d'oibríochtaí TLUnna tríú tír san Aontas Eorpach, rud a fhágfaidh cothrom iomaíochta ann maille le timpeallacht níos iomaíche.

4. **Barúlacha sonracha**

Ról T2S

4.1. Ós rud é go bhfuil tábhacht nach beag ag baint le T2S, tá CESE den tuairim gur cheart creat comhleanúnach maoirseachta agus formhaoirseachta a shocrú i ndáil le ról an ardáin sin sa chóras socraíochta foriomlán. Ba cheart uasghrádú a dhéanamh ar na comhaontuithe deonacha atá ann faoi láthair idir an Banc Ceannais Eorpach (BCE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), údaráis inniúla náisiúnta na TLUnna atá rannpháirteach in T2S agus na bainc cheannais atá i mbun formhaoirseacht ar na TLUnna chun a áirithiú go gcuirfidh an creat reachtach nua róil shoiléire ar fáil do na húdaráis rannpháirteacha uile, mar atá na húdaráis inniúla náisiúnta, na bainc cheannais maille le BCE mar fhormhaoirseoirí ceannais agus ESMA ina cháil mar mhaoirseoir. D'fhéadfadh an creat feabhsaithe sin a bheith i bhfoirm coláiste maoirseoirí.

4.2. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar na comhreachtóirí an t-ardán socraíochta sistéamaí T2S a áireamh i raon feidhme CSDR agus na coinníollacha a chothú chun socraíocht a ghlacadh go forleathan tríd an uirlis T2S san Aontas Eorpach ([12]). Is gá sin a dhéanamh ionas go bhféadfaidh an córas ilairgeadra sin feidhmiú go lánacmhainneach ar deireadh, in ainneoin an amhrais, ní nach ionadh, atá ar na bainc cheannais agus ar na TLUnna i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro ina leith. Ba cheart ról T2S maidir le comhchuibhiú sreabh sonraí agus faisnéise a aithint agus a áireamh freisin sa togra reachtach ós gné ríthábhachtach é sin le gur féidir le TLUnna seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach.

([10]) Le déanaí, i dtuairim ó CESE *Athbhreithniú ar an gcreat Sócmhainneacht II*, a glacadh i mí Feabhra 2022, féach pointe 2.3. IO C 275, 18.7.2022, lch. 45.

([11]) Tuairim ó CESE *Athbhreithniú ar an gcreat Sócmhainneacht II*. IO C 275, 18.7.2022, lch. 45.

([12]) Cé is moite de krone na Danmhairge, ní féidir aon airgeadra eile nach euro é a shocrú tríd an gcóras T2S, toisc go bhfuil drogall ar ghníomhaithe ábhartha lasmuigh de chóras socraíochta an limistéir euro páirt a ghlacadh ann agus iad ag brath rompu go bhfeicfidh siad cad a tharlóidh.

4.3. Faoi láthair, déantar faireachán ar T2S ar bhonn roinnt Prionsabal maidir le Bonneagar Margaidh Airgeadais atá áirithe i gCreat Formhaoirseachta BCE – cur chuige "éadrom" lena n-aithnítear tábhacht shistéamach an ardáin sin don Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ní fheictear do CESE aon choinbhleachtaí rialála a bheith ann a dhéanfadh difear do neamhspleáchas BCE (rud nach bhfuil amhras faoi) toisc gur féidir a mheas gur uirlis bhonneagair é T2S le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, ar uirlis í atá níos forbartha, ar roinnt cúiseanna, faoi "scáth" BCE seachas in áiteanna eile. Ar a mhuin sin, tá difríocht idir rannpháirtíocht BCE i socraíocht urrús tríd an ardán agus feidhmeanna clasaiceacha an bhainc ceannais, rud a fhágann gan dabht ar bith gur gá T2S a áireamh in CSDR d'fhonn is go mbeidh creat rialála comhleanúnach agus éifeachtach ann.

Maoirseacht ar an gcóras araíonachta socraíochta

4.4. Tugann CESE dá aire go bhfuil an chuid is conspóidí den togra – an cur chuige "dhá chéim" faoina bhféadfaí na ceannaigh isteach shainordaitheacha a chur chun feidhme – fós ina rogha dhea-chothromaithe ar féidir dul ar a muinín go dtí gur léir an mbainfear torthaí sásúla amach le bearta eile atá dírithe ar theipeanna socraíochta a laghdú.

4.5. Creideann CESE, áfach, gur fearr agus gur doimhne an tuiscint a bheadh ann ar na cúiseanna atá le teipeanna socraíochta ach aghaidh a thabhairt ar an gceist seo a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí isteach spriocdháta faoina ndéanfaí measúnú ar an dul chun cinn maidir le táscairí um theipeanna socraíochta, agus ar na bunchúiseanna atá le teipeanna socraíochta, i bhfoirm tuarascála poiblí arna dréachtú ag an údarás inniúil, sa chás is fearr laistigh de thréimhse bliana tar éis do chóras na bpionós teacht i bhfeidhm.

4.6. Cé go bhfuil dreamanna áirithe ar son deireadh a chur scun scan leis an oibleagáid maidir le ceannaigh isteach shainordaitheacha, is mó atá CESE ar a fhaichill ina leith, i bhfianaise líon na dteipeanna socraíochta atá tarlaithe (i gcomparáid le mórdhlínsí airgeadais eile freisin), ar líon é atá i bhfad ró-ard, dar leis. Dá mbainfí rogha beartais shuntasach ó bhosca uirlisí an Choimisiúin, ní i bhfeabhas a rachadh cúrsaí maidir leis sin. Is cosúil gur rogha oiriúnach é gníomh cur chun feidhme a ghlacadh sa chás áirithe seo.

4.7. Aithníonn CESE go bhfuil bealach an-éifeachtach ann a bhrostóidh meath tapa ar líon na dteipeanna socraíochta, mar atá cur lena bhfuil de phionóis ann cheana go dtí go mbainfear amach an chothromaíocht cheart. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar theipeanna socraíochta a bhfuil cleachtais "díol folamh" ag baint leo. D'fhéadfaí dul i muinín ceannaigh isteach shainordaitheacha i gcás nach bhfuil an dara suí sa bhuaile ann, agus iad inchurtha chun feidhme go han-aireach tar éis comhairliúcháin chuí le rannpháirtithe sa mhargadh má theipeann ar gach réiteach eile.

4.8. Sula rachfar i mbun gnímh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhearta atá dírithe ar shlabhraí idirghabhálaithe a ghiorrú. Ní mór scrúdú críochnúil a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an úsáid fhorleathan a bhaintear as an teicníc "réamh-mheaitseála". Ón uair go dtarlaíonn go leor teipeanna (teicniúla) mar gheall ar mhoilleanna i slabhraí socraíochta fada, ní féidir ceannaigh isteach shainordaitheacha a fhorchur gan an cúinse sin a chur san áireamh agus sula ndéanfar bearta iomchuí a chur chun feidhme chun giorrú "slabhraí ceannais" socraíochta a spreagadh.

"Sócmhainní digiteacha" a shocrú laistigh de chóras socraíochta TLU

4.9. Leis an méadú atá tagtha ar "sócmhainní digiteacha", tarraingíodh aird ar idirnascthacht fheidhmiúil na seirbhísí trádála agus socraíochta i dtaca le sócmhainn ar leith. Is millteanach an acmhainneacht atá ann anois má ghlactar le teicneolaíocht mórleabhar dáilte san earnáil airgeadais agus in earnálacha eile. Má tá trádáil agus socraíocht "sócmhainní traidisiúnta" le bheith iomaíoch i gcónaí i gcomórtas le trádáil agus socraíocht "sócmhainní digiteacha", ba cheart cead a bheith ag TLUnna a saoráidí trádála féin a bhunú gan stró le haghaidh na n-ionstraimí lena socraíonn siad na hidirbhearta. Tá CESE láneolach faoi gur cuid thábhachtach de chomhthéacs reachtach an Athbhreithnithe ar CSDR é an córas píolótach le haghaidh teicneolaíocht mórleabhar dáilte. Tá CESE i bhfách leis go gcuirfí siar aon athrú ar CSDR a bhfuil sé mar aidhm leis acmhainneacht iomlán na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a chur i ngníomh go dtí go nglacfar an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcóras píolótach thuasluaite. Mar sin féin, mar bheart eatramhach, molann CESE go bhféadfaí saoráid trádála iltaobhach a bhunú le haghaidh ionstraimí a shocrófaí laistigh de chóras socraíochta TLU. Ba cheart breathnú ar shaoráid trádála iltaobhach a choinneáil mar sheirbhís choimhdeach de réir bhrí Roinn B, cuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le CSDR.

4.10. Tugann CESE rabhadh nár cheart le cruthú "bosca gainimh rialála" fasach a bhunú i dtaca le caighdeáin reatha iompraíochta sa mhargadh a ísliú agus i dtaca le hinfheisteoirí a chosaint. Trí phróisis socraíochta a bhogadh go hiomlán go líonraí atá bunaithe ar an teicneolaíocht mórleabhar dáilte, cuirfear leis an éifeachtúlacht toisc go laghdaíonn sin na costais idirbhirt ghaolmhara agus an riosca a bhaineann leo nuair a bhíonn slabhra rófhadaithe idirghabhálaithe á ghiorrú. Mar sin féin, ní shárófar an riosca contrapháirtí trí leas a bhaint as líonraí teicneolaíochta mórleabhar dáilte. Tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go saineofar na ceanglais maidir le rannpháirtíocht sna líonraí sin ar bhealach a laghdaíonn an riosca contrapháirtí. Ba cheart ról lárnach a bheith ag TLUnna i mbainistiú an bhonneagair.

Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú

4.11. Tá an tAthbhreithniú ar CSDR ar siúl ag tráth an-dúshlánach agus cogadh á fhearadh ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine. Dearadh bonneagar margaidh airgeadais na hEorpa ar chaoi a ligfeadh dó suaití mar sin a sheasamh, ina theannta sin, tá ról lárnach ag an gcuid thábhachtach (shistéamach) de – líonra na TLUnna – i dtaca lena áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí an Iarthair i leith na Rúise chun feidhme mar is ceart ar an leibhéal oibríochtúil. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún an treoir is gá a chur ar fáil i gcásanna ina dteagmhaíonn gníomhaíochtaí a bhaineann le smachtbhannaí le "críocha aineoil", rud a chruthaíonn éiginnteacht i measc gníomhaithe margaidh. Is féidir cuid d'fhorálacha na treorach "tob-réitigh" sin a chur san áireamh freisin lena n-úsáid chun an togra maidir leis an Athbhreithniú a fheabhsú a thuilleadh, rud a fhágann gur mó a bheidh sé inchurtha le dúshláin amach anseo.

4.12. I bhfianaise a bhfuil ag titim amach ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá CESE á mholadh gur cheart go gcuirfeadh CSDR de cheangal ar na TLUnna, ar a n-eisitheoirí, agus ar a rannpháirtithe **buansásra** inmharthana a chur ar bun chun sonraí a mhalartú agus a roinnt le chéile a bhaineann le smachtbhannaí Eorpacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm. Níor cheart go dtitfeadh sé amach, áfach, go bhfágfaí gníomhaíocht ar lár ar an ábhar nach bhfuil na rannpháirtithe éagsúla in ann teacht ar chonclúid ar cheart di, murach sin, a bheith simplí nó ar a laghad inbhainte amach (i.e. má bhreithnítear i gcomhpháirt í), agus ar an ábhar sin amháin. Is ceart agus is láncheart a fhiafraí ar cheart breathnú ar TLUnna mar ionstraim dlí iomchuí ina leith sin, bíodh sin mar atá, tá CESE á mholadh go mbeadh rialachán maidir le maoirseacht níos láidre ann chun smachtbhannaí a fhorfheidhmiú.

An Bhruiséil, an 14 Iúil 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG